Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 28 Deireadh Fómhair 2022
(OR. en)

13637/22

LIMITE

TRANS 646
COWEB 117
ELARG 84

PUBLIC

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0296 (NLE)**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair a mhéid a bhaineann le buiséad an Chomhphobail Iompair le haghaidh 2023 a ghlacadh |

**CINNEADH (AE) 2022/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair a mhéid a bhaineann le buiséad an Chomhphobail Iompair le haghaidh 2023 a ghlacadh**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91 agus Airteagal 100(2), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Shínigh an tAontas an Conradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair[1] (TCT) i gcomhréir le Cinneadh (AE) 2017/1937 ón gComhairle[2]. An 4 Márta 2019 formheasadh é thar ceann an Aontais Eorpaigh trí bhíthin Chinneadh (AE) 2019/392 ón gComhairle[3]. Tháinig sé i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2019.

(2) De bhun Airteagal 35 TCT, tá Coiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobal Iompair (‘an Coiste Stiúrtha’) le buiséad an Chomhphobail Iompair a ghlacadh gach bliain. De réir Airteagal 35 TCT, tugtar de chumhacht freisin don Choiste Stiúrtha cinntí a ghlacadh lena sonraítear an nós imeachta maidir leis an mbuiséad a chur chun feidhme.

(3) Tá an Coiste Stiúrtha le cinneadh a ghlacadh maidir le buiséad an Chomhphobail Iompair le haghaidh 2023 ag an seisiún deireanach a bheidh aige in 2022.

(4) Tá gá le buiséad an Chomhphobail Iompair le haghaidh 2023 atá beartaithe ionas go bhfeidhmeoidh comhlachtaí an Chomhphobail Iompair go cuí. Cumhdaítear leis na costais le haghaidh acmhainní daonna, taistil, trealamh agus bogearraí TF, chomh maith le caiteachas oibríochtúil amhail staidéir, fothú acmhainneachta, cúnamh teicniúil agus eagrú comhdhálacha agus cruinnithe.

PUBLIC

---

[1] IO L 278, 27.10.2017, lch. 3.

[2] Cinneadh (AE) 2017/1937 ón gComhairle an 11 Iúil 2017 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chonartha lena mbunaítear an Comhphobal Iompair (IO L 278, 27.10.2017, lch. 1).

[3] Cinneadh (AE) 2019/392 ón gComhairle an 4 Márta 2019 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chonartha lena mbunaítear an Comhphobal Iompair (IO L 71, 13.3.2019, lch. 1).

(5) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Stiúrtha a bhunú, a bhaineann leis an gcinneadh maidir le buiséad an Chomhphobail Iompair le haghaidh 2023 a ghlacadh, ós rud é go mbeidh cinneadh den sórt sin, ar cinneadh é atá riachtanach d'fheidhmiú Bhuanrúnaíocht an Chomhphobail Iompair, ina cheangal ar an Aontas.

(6) Ba cheart, dá bhrí sin, seasamh an Aontais sa Choiste Stiúrtha a bheith bunaithe ar an dréachtchinneadh atá i gceangal leis seo,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

PUBLIC

*Airteagal 1*

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gCoiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair ('an Coiste Stiúrtha') a mhéid a bhaineann le buiséad an Chomhphobail Iompair le haghaidh 2023 a ghlacadh, beidh sé bunaithe ar an dréachtchinneadh ón gCoiste Stiúrtha atá i gceangal leis an gCinneadh seo[1].

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i/in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[1] Féach doiciméad ST 13637/22 ADD 1 ag http://register.consilium.europa.eu



PUBLIC